


Pacáiste  
Sábháilteachta  
Dóiteáin sa  
Bhaile



**IS FÉIDIR LE  
HALÁRAM  
DEATAIGH  
DO SHAOL A  
SHÁBHÁIL**



**Seirbhís Dóiteáin &  
Tarrthála na Gaillimhe  
Galway Fire & Rescue Service**



**Féadfaidh Deatach a Bheith Marfach**

**Bíonn Tinte Simléir salach ach  
d'fhéadfaidís do theach a lasadh freisin**

**Cuireann siad do theaghlach i mbaol &  
bíonn acmhainní na seirbhíse dóiteáin gafa  
leo gan chall**



**Cinntigh go nglanann agus go scrúdaíonn  
duine inniúil do shimléar nó do mhúchán  
uair sa bhliain ar a laghad**



**Ag Cosc – Ag Cosaint – Ag Freagairt  
Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe**

**TORADH  
DEATAIGH  
– BÁS**

**DÉAN SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN  
AN TÍ A SHEICEÁIL**

- S** ALÁRAM DEATAIGH
- T** TÁSTÁIL ALÁRAIM DEATAIGH  
GACH SEACHTAIN
- O** CONTÚIRTÍ FEICEÁLACHA
- P** PLEANÁIL DO BHEALACH  
ÉALAITHE



**Seirbhís Dóiteáin &  
Tarrthála na Gaillimhe**



**GLAN DO SHIMLÉAR UAIR AMHÁIN IN  
AGHAIDH NA BLIANA AR A LAGHAD**

**NÁ BÍ AG CAITHEAMH SA LEABA AGUS NÁ  
BÍODH COINNLE NÁ TAECHOINNLE LASTA AG  
AM CODLATA AGAT ACH AN OIREAD**

**NÁ CUIR UALACH ROTHROM AR SHOICÉID  
AGUS CAS AS FEARAIS SAN OÍCHE**

**NÁ FÁG AN CÓCAIREÁN GAN AIRE NUAIR A  
BHÍTEAR AG CÓCARÁIL**

# TORADH DEATAIGH - BÁC

**Níl Seans dá Laghad Agat  
gan Aláram Deataigh**

- S** ALÁRAM DEATAIGH
- T** TÁSTÁIL ALÁRAIM DEATAIGH  
GACH SEACHTAIN
- O** CONTÚIRTÍ FEICEÁLACHA
- P** PLEANÁIL DO BHEALACH  
ÉALAITHE



Seirbhís Dóiteáin &  
Tarrhála na Gaillimhe



### ALÁRAM DEATAIGH

- Is gaireas rabhaidh é aláram deataigh a bhraitheann deatach ag an gcéim is luaithe de dhóiteán
- Bíodh aláram deataigh amháin ar a laghad ar gach urlár sa teach, sa halla go hidéalach
- Déan de réir threoir an déantúsóra maidir leis an aláram a fheistiú agus a shocrú



### TÁSTÁIL GACH SEACHTAIN É

- Déan tástáil ar d'aláram deataigh uair amháin sa tseachtain ar a laghad
- Athraigh an cadhnra gach bliain nó chomh luath agus a thosaíonn sé ag bípeáil
- Bíodh cadhnra breise agat sa teach don aláram
- Cuidigh le daoine leochaileacha agus tástáil an t-aláram atá acu dóibh
- Coinnigh d'aláram saor ó dhusta



### BÍ AIREACH FAOI CHONTÚIRTÍ SOILÉIRE

- Múch agus faigh réidh le toitíní ar an mbealach ceart
- Ná caith tobac go brách sa leaba & bí níos cúramaí fós má tá tuirse ort, má tá tú ag tógáil cógais ar oideas nó ag ól deoch
- Ná fág fearais chócaireachta gan aire
- Cuir sciath thine os comhair na tine.
- Ná bain úsáid as coinne gar d'ábhair inlasta & ná fág gan aire iad
- Coinnigh lasáin & lastóirí amach ó leanaí
- Ná cuir ualach róthrom ar shoicéid leictreacha



### PLEAN ÉALAITHE

- Cinntigh go bhfuil a fhios ag do theaghlach céard atá le déanamh i gcás dóiteáin & cén chaoi le himeacht amach go sábháilte
- Bíodh an áit ina gcoinnítear eochracha san oíche ar eolas
- Coinnigh hallaí saor ó bhacainní
- Bíodh gnáthamh ann ag am codlata (dún na doirse, cas as gairis leictreacha nach bhfuil gá leo
- Gabh amach, fan amuigh agus glaoigh ar an tseirbhís dóiteáin



### MAR IS FÉIDIR LEAT TÚ FÉIN A CHOSAINN AR AONOCSAÍD CHARBÓIN

- **Bí ar an eolas:** is féidir le fearas ar bith, a dhóinn aon chineál breosla aonocsaíd charbóin a chruthú
- Cinntigh go bhfuil fearais a dhóinn breosla feistithe i gceart & go ndéanann gníomhaire seirbhíse cáilithe cothabáil orthu go rialta
- Coinnigh gaothairí, múcháin & simléir glan
- Úsáid fearais a dhóinn breosla ar an mbealach ceart
- Bíodh aláram aonocsaíde carbóin inchloiste amháin ar a laghad feistithe i do theach & áit ar bith eile a dhóinn tú breosla

**GABH AMACH, FAN AMUIGH,  
GLAOIGH AR AN TSEIRBHÍS  
DÓITEÁIN**

## Pointí ginearálta:

Déan cinnte go bhfuil áit shábháite agat munar féidir leat éalú ón teach.

- ✓ Déan cinnte de go bhfuil fón sa seomra chun glaoch ar chabhair.
- ✓ Déan iarracht a chinntiú go mbíonn fuinneog i do sheomra eithe sa dóigh go dtig leat éalú nó glaoch ar chabhair. (fan in aice na fuinneoige).
- ✓ Dún an doras agus séalaigh a bhun le tuáillí nó le pluide anna chun deatach contúirteach a choinneáil amach.

## Cuir glaoch ar 999 nó 112

- ✓ Cuir glaoch ar na seirbhísí práinne.
- ✓ Inis don oibrítheoir cén seirbhís atá uait .
- ✓ Labhair go réidh agus tabhair seoladh na tine agus d'uimhir fóin.
- ✓ Ná croch suas an fón go dtí go ndeireann an t-oibrítheoir leat.

## Nach:

- ✗ Ná gabh ar ais riamh i dteach atá trí thine le nithe pearsanta a fháil.
- ✗ Ná tóg cadhnraí ar iasacht as Aláram Deataigh
- ✗ Ná cuir scátháin os cionn tinteáin a bhfuil fíorthine ann.



## FÍORAICÍ!

- Faigheann 46 duine bás i dtinte gach bliain ar an meán sa tír seo.
- Ní do dhaoine eile amháin a tharlaíonn dóiteáin.
- D'fhéadfadh an chéad dóiteán eile a bheith i do theachsa.

## Cuimhnigh:

Bí cúramach nuair atá téitheoirí so-iompair leictreacha / gáis/ ola á n-úsáid agat.

- Ná húsáid téitheoirí in aice le troscán, cuirtíní, srl.
- Bí an-chúramach ar fad má úsáideann tú téitheoirí chun éadaí a thriomú.
- Ná fág téitheoirí ar lasadh riamh nuair a théann tú a luí.
- Bí cúramach má tá peataí in aice le téitheoirí.



## Sábháilteacht Dóiteáin sa Teach



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil  
Environment, Community and Local Government

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, Éire  
teileafón: +353 1 8882381 faics: +353 1 8882645  
[www.environ.ie](http://www.environ.ie) [firesafety@environ.ie](mailto:firesafety@environ.ie)

**fire safety**  
Be on your guard



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil  
Environment, Community and Local Government

## Cosc

### Tabhair aird ar na nithe seo:

- ✗ Ná caithe tobac agus tuirse ort.
- ✗ Ná fág coinne ar lasadh nuair nach bhfuil aon duine ann.
- ✗ Ná fág leanaí óga leo féin.
- ✗ Ná fág lasáin agus lastóirí san áit a bhfaigheadh leanaí iad.
- ✗ Ná fág pannaí sceallóga, friochtáin, srl gan freastal ar feadh nóiméid amháin féin
- ✗ Ná seas róghar do thinte, téitheoirí, srl
- ✗ Ná húsáid fearais leictreacha atá lochtach
- ✗ Ná cuir ualach róthrom ar shoicéidí leictreacha.

### Déan cinnte:

- ✓ Go nglanann tú an simléir uair sa bhliain ar a laghad nó go ndéantar seirbhís go rialta ar an gcóras teasa.
- ✓ Cuir garda splancanna ar thinte oscailte.
- ✓ Úsáid coinneoirí cearta nuair atá coinne lasta agat.
- ✓ Coinnigh luaithreadáin folamh nuair nach mbíonn siad in úsáid.
- ✓ Bíodh múchtóir oiriúnach tine agus pluid tine sa chistin agat.
- ✓ Cuir caoi ar fhearais lochtacha leictreacha láithreach nó faigh cinn nua.
- ✓ Dún na doirse uile san oíche.
- ✓ Déan seiceáil rialta sábháilteacht dóiteáin roimh dhul a luí.



## Brath Dóiteáin

- ✓ Bíodh Aláram Deataigh amháin i ngach urlár den teach (ar an síléáil).
- ✓ Bain triail as na halárim deataigh uair sa tseachtain ar a laghad.
- ✓ Athraigh na cadhnaí gach bliain.
- ✓ Nuair a dhéanann aláram bíog mar rabhadh go bhfuil an cadhna caite athraigh láithreach é.

## Plean éalaithe

- ✓ Pleanáil druil éalaithe le gach duine atá sa teach agus déan cleachtadh rialta air.
- ✓ Nuair atá an druil éalaithe á cleachtadh bíodh bealach eile amach agat ar eagla go bhfuil an príomhbhealach dúnta ag an dóiteán.
- ✓ Bíodh áit chruinnithe agat in áit shábháilte lasmuigh den teach.
- ✓ Bíodh gach bealach éalaithe saor ó bhac de ló is d'oíche.
- ✓ Bíodh eochracha na ndoirse agus na bhfuinneoga ar fáil go héasca agus go pras.

### FIORAIC!

Bíonn os cionn 1,000 duine sna haonaid timpistí gach bliain le gortú de bharr dó nó scalladh.  
(HIPE & Rannóg NPRS, ESRI)

## Seiceáil rialta sábháilteacht tine

Ní ghlacann "Seiceáil Rialta Sábháilteacht Tine" ach cúpla nóiméad ach d'fhéadfadh do bheatha a bheith ag brath air.

### Gach oíche:

- ✓ Tarraing amach an phlocóid ar fhearais neamhriachtanacha leictreacha.
- ✓ Múch fearais neamhriachtanacha gáis.
- ✓ Múch gach coinneal agus lasair lom.
- ✓ Cuir garda splancanna os comhair tinte oscailte.
- ✓ Folmhaigh gach luaithreadán.
- ✓ Coinnigh gach bealach éalaithe saor ó bhac.

Dún gach doras.

# Cosc

**Cailítear 39** nduine nó mar sin i nDÓITEÁIN sa tír seo gach bliain.

Ní i gcónaí a bhíonn an DÓITEÁIN i dteach duine éigin eile. D'fhéadfadh sé gur i do THEACHSA a bheidh an chéad DÓITEÁIN eile!

## I dteannta a chéile féadaimid STOP a chur le dóiteáin

### Seasann STOP do:

- S - Seasann an S do 'Sábháilteacht le hAláiraim Dheataigh' Bí cinnte go bhfuil ceann amháin ar a laghad agat ar gach leibhéal/urlár.
- T - Seasann T do 'Tástáil d'aláiraim dheataigh gach seachtain' nó iarr ar dhuine éigin eile iad a thástáil ar do shon.
- O - Seasann O do 'Oscailteacht do dhainséir shoiléire'. Bí san airdeall maidir le rioscaí dóiteáin. Rioscaí is ea soicéid a bhfuil barraíocht plocóidí iontu, coinne agus gléasanna gan duine a bheith ina mbun.
- P - Seasann P do 'Pleanáil do bhealach éalaithe' Bíodh bealach éalaithe saor ó bhac agat, agus bíodh d'eochracha in aice lámhe i gcónaí.

### Seachain:

- Tobac a chaitheamh agus tú tuirseach
- Coinne lasta a fhágáil gan duine sa seomra leo
- Leanaí óga a fhágáil gan duine sa seomra leo
- Lasáin agus lastóirí a fhágáil san áit ar féidir le leanaí breith orthu.
- Pannaí sceallóg, friochtáin agus mar sin de a bheith in úsáid gan duine sa seomra leo
- Seasamh ró-ghar do thine, do théitheoirí, agus mar sin de.
- Fearais leictreacha lochtacha a úsáid
- An iomarca plocóidí a chur isteach i soicéad

### Bí cinnte:

- Go nglantar an simléar uair sa bhliain ar a laghad
- Sciath thine a úsáid le tine oscailte
- Coinneoirí cearta a úsáid nuair a bhíonn coinne ar lasadh
- Luaitheadán a choimeád folamh nuair nach bhfuil sé in úsáid
- Go mbíonn múchtóir dóiteáin oiriúnach agus blaincéad dóiteáin agat sa chistin.
- Go ndeistear fearas leictreach lochtach nó go gceannaítear ceann nua
- Go ndúntar gach doras istoíche.
- Go ndéantar seiceáil shábháilteacht ar dhóiteán roimh dhul a luí.

# Conas Bealach Éalaithe a Phleanáil

Bíodh “Plean Éalaithe” agat duit féin agus don teaghlach ar fad i gcás dóiteáin. D’fhéadfadh dóiteán briseadh amach istoíche nuair a bheadh ort éalú sa dorchadas agus tú ar crith le heagla. D’fhéadfadh sé sin a bheith an-deacair go háirithe má tá leanaí óga sa teaghlach, nó seanóirí nó daoine breoite. Beidh sé níos fusa éalú ó dhóiteán má tá bealach éalaithe socraithe agat agus fios agat cá háit a bhfuil tú ag dul.

- Bíodh gach duine bainteach leis an bplean éalaithe, fiú cuairteoirí sa teach
- An ghnáthshlí amach an tslí is fearr.
- Coimeád an bealach amach saor ó bhaic
- Coimeád eochracha na ndoirse agus na bhfuinneog in aice láimhe
- Cosain an tslí éalaithe trí gach doras isteach ann a dhúnadh, go háirithe istoíche
- Cleachtaigh an plean éalaithe
- Roghnaigh áit shábháilte coinne lasmuigh
- Bíodh a fhios ag gach duine conas glao a chur ar an tseirbhís dóiteáin

Munar féidir leat an ghnáthshlí amach a úsáid, smaoinigh ar bhealaí eile:

- Cúldoirse
- Doirse paitió
- Fuinneoga

Bí cinnte go mbíonn na slite éagsúla amach ar eolas ag cách. Má bhíonn dóiteán ann, nó má chloiseann tú an t-aláram deataigh, ní bheidh i bhfad agat le héalú. Más féidir:

- Dún doras an tseomra ina bhfuil an dóiteán
- Cabhraigh le gach duine éalú a luaithe is féidir agus **fan lasmuigh**
- Glaoigh ar an tSeirbhís Dóiteáin ag 112 ó bhosca fóin, ó fhón póca nó ó theach comharsan.
- **Ná** téigh ar ais isteach i dteach trí thine **riamh** go dtí go ndeir an tseirbhís dóiteáin go bhfuil sé sábháilte.

Má tá dóiteán sa tslí ort, déan iarracht d’imní a choimeád faoi smacht:

- Dún an doras agus úsáid tuáillí nó braillíní chun aon bhearna a líonadh
- Déan iarracht dul fad leis an bhfuinneog
- Má bhíonn an iomarca deataigh sa seomra, snámh feadh an urláir.

Oscail an fhuinneog agus déan iarracht aird a tharraingt ort féin.



# Pointí Ginearálta mar gheall ar Shábháilteacht ar Dhóiteáin

## Déan

- Bíodh plean agat chun dul chuig áit shábháilte munar féidir leat éalú as an teach. Seomra, mar shampla, ina bhféadfadh an teaghlach ar fad fanacht ar chabhair. Bí cinnte faoi na rudaí seo a leanas:
- Bí cinnte go bhfuil fón sa seomra sin le gur féidir gaoch ar chabhair.
- Roghnaigh seomra ina bhfuil fuinneog ionas gur féidir éalú nó gaoch ar chabhair (fan in aice na fuinneoige)
- Dún an doras agus cuir tuáillí nó blaincéid ag bun an dorais chun deatach a choimeád amach.
- Glaoigh ar na seirbhísí éigeandála.
- Dialligh 999 nó 112.
- Inis don oibreoir cén tseirbhís atá uait.
- Labhair go mall agus go soiléir agus tabhair seoladh an tí agus d'uimhir fóin. (Más fón póca atá in úsáid agat d'fhéadfadh an t-oibreoir an contae ina bhfuil tú a fhiafraí díot.)
- Ná críochnaigh an glao go dtí go ndeir an t-oibreoir leat é sin a dhéanamh.

## Ná Déan

- Ná téigh ar ais isteach i dteach atá trí thine.
- Ná tóg batairí amach as Aláram Deataigh.
- Ná bíodh scáthán agat os cionn teallaigh ina bhfuil fíorthine.

# Oscailteacht do dhainséir shoiléire – Déan Gnáthsheiceálacha sábháilteacht ar dhóiteán

Cuardaigh le dhainséir shoiléire. Níor cheart go dtógfadh *"Geáthsheiceáil Shábháilteacht ar Dhóiteáin"* ach cúpla nóiméad ach d'fhéadfadh sé tú a choimeád **beo**.

Siúl timpeall an tí féachaint conas a d'fhéadfá n teach a choimeád **slán** agus **sábháilte**.

- Díphlugáil gach fearas leictreach nach bhfuil in úsáid.
- Múch gach fearas gáis nach bhfuil in úsáid.
- Bí cinnte go múchtar gach coinneal agus lasair.
- Cuir sciath thine os comhair aon tine oscailte.
- Folmhaigh gach luathreadán.
- An bhfuil na bealaí éalaithe saor ó bhac?

Dún gach doras ionas nach leathfaidh lasracha ná deatach.

## Brath

Dearadh aláraim dheataigh chun rabhadh luath a thabhairt i gcás dóiteáin. Ní raibh aon aláram deataigh ar obair i gcás 82% de na dóiteáin inar maraíodh daoine.

### Bí cinnte:

- Go mbíonn aláram deataigh amháin ar a laghad (ar an tsíleáil) ar gach urlár den teach.
- Go dtástáiltear na haláraim dheataigh uair sa tseachtain ar a laghad
- Go n-athraíonn tú na batairí gach bliain.
- Go n-athraíonn tú an bataire a luaithe a chloiseann tú an bíb rabhaidh.

## Tástáil agus Cothabháil

Is beag cothabháil a bhíonn le déanamh ar aláraim dheataigh ach amháin an méid seo a leanas:

- Uair sa tseachtain bain triail as an aláram tríd an gcnaipe tástála a bhrú agus a choimeád síos go dtí go gcloisfidh tú an bíb.
- Gach sé mhí úsáid folúsghlantóir agus scuab chun deannach a bhaint den aláram.
- Athraigh an bataire uair sa bhliain.
- Ceannaigh aláram deataigh nua gach deich mbliana.

# Leideanna Ginearálta faoi Aláraim Dheataigh

## Dhá chineál aláraim dheataigh atá ann: aláram "ianúcháin" agus aláram "optúil".

### Aláraim Dheataigh Ianúcháin

An cineál is saoire agus is coitianta. Braitheann sé píosáí **beaga** deataigh ó dhóiteáin "bladhma" cosúil le panna sceallóg. Braithfidh sé an cineál dóiteáin seo sula n-éiríonn an deatach tiubh.

### Aláraim Dheataigh Optúil

Níos costasaí ach níos éifeachtaí chun píosáí deataigh **níos mó** a bhrath ó rudaí ar nós cúrrubair nó sreangú PVC, rudaí a dhóinn go mall.

### An mó aláram deataigh a bheadh uaim?

Aláram deataigh amháin **i ngach seomra** is ea is fearr (ní gá ceann sa seomra folctha, sa chistin ná sa gharáiste).

Bíodh ar a laghad aláram deataigh amháin agat **ar gach urlár** sa teach.

### Cá gcuirim iad?

Ar an tsíleáil a ghaire is féidir do lár an tseomra.

Smaoinigh an mbeidh tú in ann an t-aláram deataigh a chloisteáil istoíche agus na doirse dúnta.

### Bíodh do Phlean Éalaithe ar Eolas Agat!

An cuspóir le hAláram Deataigh ná rabhadh luath a thabhairt duit i gcás dóiteáin!

Tá sé riachtanach fios a bheith agatsa agus ag an líon tí cad ba cheart a dhéanamh má chloiseann sibh an tAláram Deataigh.

# Fíricí faoi Aláram Dheataigh

1. Faigheann **39** duine ar an meán **bás** i ndóiteáin in Éirinn gach bliain. Ar an drochuair, d'fhéadfaí formhór na mbásanna sin a sheachaint ach aláram deataigh atá ag obair a bheith feistithe sa teach.
2. Tháinig sé chun solais i suirbhé náisiúnta ar aláram dheataigh a rinneadh le deireanas go raibh breis is 300,000 teach ann **nach raibh** aláram deataigh **ar bith** ann!
3. **Ní** chuireann Aláram Deataigh “cosc” le dóiteán!
4. Istoíche a bhriseann formhór na ndóiteán amach, nuair a bhíonn daoine ina gcodladh. Ní i gcónaí a dhúisíonn daoine le boladh deataigh, is amhlaidh gur féidir le deatach tú a chur i do shámhchodladh.
5. Ní “mhúchtar” dóiteáin le hAláram Deataigh!
6. Inanálú deataigh, agus ní teas ná lasracha, is cúis le formhór na mbásanna i ndóiteáin agus féadfaidh an deatach ón ábhar i dtoscán áirithe tú a mharú go han-tapa.
7. Tá aláram dheataigh deich mbliana i bhfoirm ianúcháin nó optúil ar fáil agus bataire litiam fadsaoil iontu nó paca cumhachta séalaithe a mhairfidh deich mbliana.